Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2025 (OR. en)**

**9220/25**

**INF 87**
**PUBLIC 31**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE - MÁRTA 2025 |

Sa doiciméad seo, liostaítear na gníomhartha[1] a ghlac an Chomhairle i mí an Mhárta 2025.[2] [3]

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha,
- an seisiún den Chomhairle a bhí i gceist,
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil,
- tagairt do mhiontuairiscí sheisiún na Comhairle ag ar glacadh an gníomh.

[1] Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (féach i gcló iodálach).

[2] I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a reáchtáiltear an cruinniú den Chomhairle ag a nglactar an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach meastar gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

[3] Seachas gníomhartha áirithe a bhfuil raon feidhme teoranta acu; mar shampla, cinntí nós imeachta, ceapacháin, cinntí buiséadacha sonracha, etc. mura nglacfar iad trí nós imeachta i scríbhinn.

Tá an doiciméad seo le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin ag:
Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle – Consilium

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil teacht ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a chur isteach ag:
https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt ar aird gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil – is iad miontuairiscí na Comhairle amháin atá barántúil. Tá siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag: Miontuairiscí na Comhairle – Consilium

| FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHARTHA A GHLAC AN CHOMHAIRLE I MÍ AN MHÁRTA 2025 | |
|---|---|
| **An 4082ú cruinniú de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Ceartas agus Gnóthaí Baile) a tionóladh sa Bhruiséil an 5 agus an 7 Márta 2025**<br>(Miontuairiscí: 7089/25 + ADD1 + ADD1 REV1) | |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraítear an Ghréig maolú CBL a thabhairt isteach*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/502 ón gComhairle an 5 Márta 2025 lena n-údaraítear an Ghréig beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha<br>IO L, 2025/502, 13.3.2025 | 6135/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le hathnuachan an chomhaontaithe le haghaidh comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht leis an Úcráin*<br>Cinneadh (AE) 2025/463 ón gComhairle an 5 Márta 2025 maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin<br>IO L, 2025/463, 7.3.2025 | 14848/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais ag an 68ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le substaintí sícighníomhacha nua a chur faoi rialú idirnáisiúnta*<br>Cinneadh (AE) 2025/493 ón gComhairle an 5 Márta 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 68ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971<br>IO L, 2025/493, 12.3.2025 | 6155/25 |
| **An 4084ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) a tionóladh sa Bhruiséil an 11 Márta 2025**<br>(Miontuairiscí: 7009/25 + ADD 1) | |
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Treoir a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach*<br>Treoir (AE) 2025/516 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach<br>IO L, 2025/516, 25.3.2025 | 15342/24 |
| *Rialachán a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach*<br>Rialachán (AE) 2025/517 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach<br>IO L, 2025/517, 25.3.2025 | 15343/24 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Prótacal Uimh. 5 ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta*<br>Cinneadh (AE) 2025/504 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Prótacal Uimh. 5 ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta<br>IO L, 2025/504, 14.3.2025 | 6143/25 |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/518 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL<br>IO L, 2025/518, 25.3.2025 | 15344/24 |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir*<br>Cinneadh (CBES) 2025/484 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir<br>IO L, 2025/484, 12.3.2025<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/487 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1890 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir<br>IO L, 2025/487, 12.3.2025 | 6083/25<br><br>6085/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)*<br>Cinneadh (CBES) 2025/488 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)<br>IO L, 2025/488, 13.3.2025 | 6279/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle chun tacú leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine*<br>Cinneadh (CBES) 2025/494 ón gComhairle an 11 Márta 2025 chun tacú leis an gCoinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, lena chlár idirsheisiúnach, agus leis na hullmhúcháin dá Dheichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin<br>IO L, 2025/494, 12.3.2025 | 6007/25 ADD1 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)*<br>Cinneadh (AE) 2025/521 ón gComhairle an 10 Márta 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)<br>IO L, 2025/521, 18.3.2025 | 5943/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear an chaibidlíocht maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí rialtais*<br>Cinneadh (AE) 2025/538 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Íoslainn maidir le comhaontú lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí rialtais<br>IO L, 2025/538, 24.3.2025 | 5814/25 + ADD1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Chomhaontú LEE*<br>Cinneadh (AE) 2025/554 ón gComhairle an 11 Márta 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (GOVSATCOM agus Nascacht Shlán) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L, 2025/554, 25.3.2025 | 5908/25 + ADD1 |
| **An 4086ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Eachtracha) a tionóladh sa Bhruiséil an 17 Márta 2025 (Miontuairiscí: 7188/25 + ADD 1)** | |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an tríú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/657 ón gComhairle an 17 Márta 2025 lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht an tríú tráthchuid den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin<br>IO L, 2025/657, 31.3.2025 | 6395/25 + ADD1 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo*<br>Cinneadh (CBES) 2025/514 ón gComhairle an 17 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo<br>IO L, 2025/514, 17.3.2025<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/515 ón gComhairle an 17 Márta 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/1686 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise arna ndíriú ar ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo<br>IO L, 2025/515, 17.3.2025 | 6604/25<br>6606/25 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2025/510 ón gComhairle an 17 Márta 2025 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó<br>IO L, 2025/510, 17.3.2025<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/509 ón gComhairle an 17 Márta 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó<br>IO L, 2025/509, 17.3.2025 | 6580/25<br>6582/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena dtacaítear le hInstitiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil 'Faireachlann Eolaíochta agus Teicneolaíochta: Faireachlann na nuálaíochta maidir leis an dí-armáil'*<br>Cinneadh (AE) 2025/529 ón gComhairle an 17 Márta 2025 maidir le tacaíocht ón Aontas do thionscadal Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil 'Faireachlann Eolaíochta agus Teicneolaíochta: Faireachlann na nuálaíochta maidir leis an dí-armáil'<br>IO L, 2025/529, 18.3.2025 | 6617/25 + ADD1 |
| **An 4087ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Ginearálta) a tionóladh sa Bhruiséil an 18 Márta 2025 (Miontuairiscí: 7207/25 + ADD 1)** | |
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive*<br>Rialachán (AE) 2025/535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Márta 2025 lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive<br>IO L, 2025/535, 21.3.2025 | 1/1/25 REV1 |

| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
|---|---|
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Iarratas dearbhúcháin Uimh. 02/c/01/25* | 6073/25 ADD1 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraítear an Eastóin le síneadh a chur le maolú CBL*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/539 ón gComhairle an 18 Márta 2025 lena n-údaraítear an Eastóin le beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha<br>IO L, 2025/539, 21.3.2025 | 6238/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh maidir le cinneadh na rannpháirtithe sa tuiscint earnála maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin le haghaidh aerárthaí sibhialta*<br>Cinneadh ón gComhairle (AE) 2025/542 an 18 Márta 2025 lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le cinneadh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacú go hOifigiúil i ndáil le leasuithe ar an Tuiscint Earnála sin<br>IO L, 2025/542, 21.3.2025 | 6394/25 + ADD1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas sa Choiste um Chomhar Custaim idir an tAontas agus an Tuirc a mhéid a bhaineann le húsáid deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach*<br>Cinneadh (AE) 2025/559 ón gComhairle an 18 Márta 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chomhar Custaim arna bhunú faoin gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach<br>IO L, 2025/559, 24.3.2025 | 6209/25 |
| **An 4088ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Talmhaíocht agus Iascach) a tionóladh sa Bhruiséil an 24 Márta 2025 (Miontuairiscí: 7379/25 + ADD 1)** | |
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Rialachán na dTagarmharcanna*<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*<br>Seasamh (AE) Uimh. 1/2025 ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le raon feidhme na rialacha maidir le tagarmharcanna, úsáid tagarmharcanna san Aontas a sholáthraíonn riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír, agus ceanglais tuairiscithe áirithe Arna ghlacadh ag an gComhairle an 24 Márta 2025<br>IO C, C/2025/2428, 25.4.2025 | 5123/25 + ADD1 + ADD COR1 |

| | |
|---|---|
| *Rialachán maidir le staidreamh margaidh saothair an Aontais i dtaca le gnólachtaí*<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*<br>Seasamh (AE) Uimh. 2/2025 ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh margaidh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Arna ghlacadh ag an gComhairle an 24 Márta 2025<br>IO C, C/2025/2430, 25.4.2025 | 17082/24 + ADD1 |
| *Rialachán maidir le hionstraim um fhorbairt agus fás sna Réigiúin Teorann (BRIDGEforEU)*<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*<br>Seasamh (AE) Uimh. 3/2025 ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hionstraim um fhorbairt agus fás na Réigiún Teorann (BRIDGEforEU) Arna ghlacadh ag an gComhairle an 24 Márta 2025<br>IO C, C/2025/2432, 25.4.2025 | 17102/1/24 REV1 + ADD1 |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas Dearbhúcháin – 03/c/01/25* | 6246/25 + ADD1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích Phrótacal (2024-2029) lena gcuirtear chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh le Poblacht Cabo Verde*<br>Cinneadh (AE) 2025/643 ón gComhairle an 24 Márta 2025 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Phrótacal (2024-2029) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde<br>IO L, 2025/643, 28.3.2025 | 11267/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar iniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh*<br>Cinneadh (AE) 2025/642 ón gComhairle an 24 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh 98/481/CE lena bhformheastar iniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh<br>IO L, 2025/642, 28.3.2025 | 6332/25 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraítear don Fhrainc ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair agus a ídítear sa Chorsaic*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/644 ón gComhairle an 24 Márta 2025 lena n-údaraítear don Fhrainc ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair agus a ídítear i ranna na Corsaice i gcomhréir le Treoir 2003/96/CE<br>IO L, 2025/644, 28.3.2025 | 6585/25 |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí*<br>Cinneadh (CBES) 2025/601 ón gComhairle an 24 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí<br>IO L, 2025/601, 25.3.2025<br>Rialachán (AE) 2025/608 ón gComhairle an 24 Márta 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2309 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí<br>IO L, 2025/608, 25.3.2025 | 16353/24<br><br><br>16355/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na Máratáine*<br>Cinneadh (CBES) 2025/609 ón gComhairle an 24 Márta 2025 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na Máratáine<br>IO L, 2025/609, 25.3.2025 | 5373/25 |
| *Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir*<br>Cinneadh (CBES) 2024/604 ón gComhairle an 24 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir<br>IO L, 2025/604, 25.3.2025<br>Rialachán (AE) 2025/610 ón gComhairle an 24 Márta 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir<br>IO L, 2025/610, 25.3.2025 | 5561/24<br><br><br>5564/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhanglaidéis maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí*<br>Cinneadh (AE) 2025/633 ón gComhairle an 24 Márta 2025 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí<br>IO L, 2025/633, 27.3.2025 | 10844/24 |

| An 4089ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Comhshaol) a tionóladh sa Bhruiséil an 27 Márta 2025<br>(Miontuairiscí: 7548/25 + ADD1) | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le rialacha oibriúcháin phainéal roghnúcháin Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/653 ón gComhairle an 27 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE')<br>IO L, 2025/653, 31.3.2025 | 7126/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Casacstáine maidir le comhaontú um eisiúint víosaí a éascú*<br>Cinneadh (AE) 2025/667 ón gComhairle an 27 Márta 2025 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Casacstáine maidir le comhaontú um eisiúint víosaí a éascú<br>IO L, 2025/667, 1.4.2025 | 7154/25 + ADD 1 R-UE |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe leis an Iorua a bhaineann leis na modhnuithe ar tharaif-chuótaí an Aontais i sceideal EDT tar éis Brexit*<br>Cinneadh (AE) 2025/685 ón gComhairle an 27 Márta 2025 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>IO L, 2025/685, 4.4.2025 | 13817/23 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2025/632 ón gComhairle an 27 Márta 2025 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin<br>IO L, 2025/632, 27.3.2025<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/631 ón gComhairle an 27 Márta 2025 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin<br>IO L, 2025/631, 27.3.2025 | 6743/25<br>6746/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena dtacaítear le toradh rathúil ar chomhdháil athbhreithnithe 2026 na bpáirtithe sa Chonradh maidir le neamhleathadh arm núicléach a éascú* | 5992/25 + ADD 1 |

| | |
|---|---|
| Cinneadh (AE) 2025/646 ón gComhairle an 27 Márta 2025 lena dtacaítear le toradh rathúil ar Chomhdháil Athbhreithnithe 2026 na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a éascú<br>IO L, 2025/646, 28.3.2025 | |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas i gComhchoiste CETA i ndáil le nósanna imeachta brostaithe chun díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach, go háirithe le haghaidh daoine nádúrtha agus FBManna*<br>Cinneadh (AE) 2025/703 ón gComhairle an 27 Márta 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an chinnidh atá beartaithe i ndáil le rialacha forlíontacha le haghaidh nósanna imeachta brostaithe chun díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach, go háirithe le haghaidh daoine nádúrtha nó fiontair bheaga agus mheánmhéide<br>IO L, 2025/703, 10.4.2025 | 9449/24 |
| **Nósanna imeachta i scríbhinn** | |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 3 Márta 2025** | CM 1804/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht Phoblacht na hAirméine in oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh* | 6192/25 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 14 Márta 2025** | CM 1629/25 + REV1 |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin*<br>Cinneadh (CBES) 2025/528 ón gComhairle an 14 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO L, 2025/528, 15.3.2025<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/527 ón gComhairle an 14 Márta 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO L, 2025/527, 15.3.2025 | 5646/25<br>5648/25 |

| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 31 Márta 2025** | CM 2136/25 |
|---|---|
| *Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (an leasú)*<br>Rialachán (AE) 2025/669 ón gComhairle an 31 Márta 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/202 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad<br>IO L, 2025/669, 1.4.2025 | 6890/25 |